Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 24 Deireadh Fómhair 2022**
**(OR. en)**

**13689/22**

**Comhad Idirinstitiúideach:**
**2022/0296(NLE)**

**TRANS 650**
**COWEB 119**
**ELARG 86**

## NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Uimh. an doic. roimhe seo: | 12992/22 + ADD 1 |
| Uimh. an doic. ón gCoim.: | COM(2022) 484 final |
| Ábhar: | CINNEADH ÓN gCOMHAIRLE maidir leis an seasamh atá le glacadh thar ceann an Aontais Eorpaigh i gCoiste Stiúrtha Réigiúnach an Chomhphobail Iompair a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 a ghlacadh<br>– Glacadh |

1. An 28 Meán Fómhair 2022, thíolaic an Coimisiún Eorpach togra le haghaidh cinneadh ón gComhairle lena mbunaítear seasamh ón Aontas laistigh de Choiste Stiúrtha Réigiúnach Chomhphobal Iompair an Aontais agus na mBalcán Thiar, a mhéid a bhaineann le buiséad an Chomhphobail Iompair le haghaidh 2023 a ghlacadh.

2. Is gá don Choiste Stiúrtha Réigiúnach buiséad bliantúil na bliana 2022 a ghlacadh chun tabhairt faoi chur chun feidhme an Chonartha um Chomhphobal Iompair, lena n-áirítear feidhmiú na Buanrúnaíochta atá suite sa Bhéalgrád. Mhol an Coimisiún méid foriomlán EUR 3 280 000, méadú 2 % i gcomparáid leis an mbliain 2022, arb ionann EUR 3 060 000 de agus creidmheasanna nua agus arb ionann EUR 220 000 de agus méideanna tabhartha anonn. Cuirfear leithreasuithe tabhartha anonn ó 2022 san áireamh sa mhéid deiridh. Is ionann ranníocaíocht an Aontais Eorpaigh leis an mbuiséad agus 80 faoin gcéad.

3. Maidir leis na línte buiséid aonair den togra, is cobhsaí an líne bhuiséid le haghaidh acmhainní daonna dar luach tuairim is 50 % den bhuiséad. Tá laghdú mór (- 92 %) ag teacht ar an gceann le haghaidh oifigí, trealaimh agus bogearraí, mar gheall ar na costais aonuaire a bhaineann leis an bhFaireachlann Iompair a bhogadh le linn 2022, agus tá méadú (+ 40 %) ag teacht ar an gceann le haghaidh staidéar agus cúnamh teicniúil. Molann an Coimisiún freisin an cúlchiste buiséid a laghdú ó 5 % go 3 % de chreidmheasanna nua.

4. Scrúdaigh an Mheitheal um Iompar - Ceisteanna Idirmhódúla agus Gréasáin an togra thuas an 13 Deireadh Fómhair 2022. Mhínigh ionadaí an Choimisiúin gur cumhdaíodh cheana sa togra roinnt cinntí a mbeadh tionchar acu ar an mbuiséad, eadhon i ndáil le liúntas oideachais, saineolaithe áitiúla a earcú agus foireann a thabhairt ar iasacht, agus, gur cheart na costais a bhaineann le dlúth-rannpháirtíocht lena bhfuiltear ag súil ón Úcráin, ó Phoblacht na Moldóive agus ón tSeoirsia i gclár oibre an Chomhphobail Iompair a íoc lasmuigh de bhuiséad an Chomhphobail Iompair. Thug sé tuairisc ar fhorghníomhú foriomlán an bhuiséid don bhliain seo ag leibhéal 40 % ag deireadh an tríú ráithe, agus a bhíothas ag súil go mbainfí 84 % amach faoi dheireadh na bliana[1].

5. Thacaigh na toscaireachtaí leis an togra. I bhfianaise roinnt forchoimeádais grinnscrúdaithe a bheith ar feitheamh, d’iarr an Uachtaránacht ar na toscaireachtaí barúlacha breise a thabhairt faoin 20 Deireadh Fómhair 2022. Faoin dáta sin, ní raibh barúlacha eile tugtha ag aon toscaireacht

6. I bhfianaise an méid sin, moltar, faoi réir fhormhuiniú Choiste na mBuanionadaithe, go ndéanfadh an Chomhairle cinneadh maidir le seasamh an Aontais mar a leagtar amach in 13637 + ADD 1 é, tar éis athbhreithniú dlítheangeolaíoch a dhéanamh[2].

7. Ach a nglacfar é, foilseofar an cinneadh san Iris Oifigiúil agus cuirfear Parlaimint na hEorpa ar an eolas faoi.

---

[1] Féach 14054/22 le haghaidh sonraí.
[2] Nóta: beidh na doiciméid atá le glacadh ar fáil ag deireadh na seachtaine an 24 go dtí an 28 Deireadh Fómhair.